# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

## AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

### MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

---

**51 Faiche Stiabhna**
**Baile Átha Cliath 2**
**Uimhir**: **(01) 602 8221**
**Ríomhphost:** **info@mhclrb.ie**
**Láithreán Gréasáin:** **www.mhclrb.ie**

# CLÁR AN ÁBHAIR


| | Leathanach |
|---|---|
| 1. Réamhrá an Chathaoirligh | 3 |
| 2. Feidhm An Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 6 |
| 3. Athbhreithnithe an Bhoird | 7 |
| 4. Orduithe um Scaoileadh Amach | 9 |
| 5. Ordú um Fhilleadh ar an gCúirt | 10 |
| 6. Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 11 |
| 7. Imeachtaí Dlí | 12 |
| 8. Cruinnithe | 13 |
| 9. Tairiscintí le haghaidh Sheirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe | 13 |
| 10. Caiteachas | 14 |


**AGUISÍNÍ**


| | |
|---|---|
| Aguisín A: Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2014/2013 | 15 |
| Aguisín B: Líon Othar a ndearnadh athbhreithniú orthu de réir Diagnóise in 2014/2013 | 16 |
| Aguisín C: Líon na nÉisteachtaí de réir Cineál Athbhreithnithe in 2014/2013 | 17 |
| Aguisín D: Líon na nÉisteachtaí in 2014/2013 de réir an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú | 18 |
| Aguisín E: Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlí ar Phainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2014/2013 | 19 |
| Aguisín F: Líon na nOthar a Scaoileadh Amach go Coinníollach in 2014/2013 | 20 |

## 1. RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Bhí sé d'onóir agam gur cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An tUasal Frances Fitzgerald TD, mé mar Chathaoirleach ar an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) i Meán Fómhair 2014 tar éis don Bhreitheamh Brian McCracken dul ar scor. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar dtús don Bhreithimh McCracken a bhí ina Chathaoirleach ar an mBord ó bunaíodh é in 2006. Tá a fhios agam go ndearna sé sárobair maidir le bunú an Bhoird ar bhonn slán agus go raibh a chuid eolais agus an taithí a bhí aige thar a bheith luachmhar maidir le ceannaireacht agus treoir a sholáthar fad a bhí sé ina Chathaoirleach. Thar ceann a chomhghleacaithe, An tUasal Nora McGarry, an Dr Elizabeth Walsh agus an Dr Michael Mulcahy agus, ar mo shon féin, ba mhaith liom tréimhse fhada, shona scoir a ghuí ar an mBreitheamh McCracken.

Cúis áthais dom an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Athbhreithnithe a chur i láthair ina bhfuil gníomhaíochtaí an Bhoird i rith 2014 leagtha amach.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, tháinig méadú beag ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sa bhliain 2014, rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 80 othar agus thionóil siad 166 éisteacht athbhreithnithe. Is féidir iad sin a chur i gcomparáid le figiúirí na bliana 2013, nuair a rinneadh athbhreithniú ar choinneáil 73 othar agus reáchtáladh 159 n-éisteacht.

Cheadaigh an Bord go ndéanfaí ceathrar othar a scaoileadh amach go coinníollach ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar in 2014, i gcomparáid le cúigear in 2013.

Chomh maith le héisteachtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar, thionóil an Bord roinnt éisteachtaí chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar scaoileadh amach gan choinníoll ó othair a bhí scaoilte amach go coinníollach ar feadh 12 mhí nó níos faide. Fuair an Bord sé iarratas den sórt sin in 2014, cheadaíodar dhá cheann, dhiúltaíodar do thrí cinn agus chuireadar ceann amháin siar lena athbhreithniú arís in 2015.

Fuair an Bord iarratas amháin ó othar a bhí scaoilte amach go coinníollach go n-athrófaí na coinníollacha a bhain lena (h)Ordú um Scaoileadh Amach nó go gcuirfí deireadh ar fad leo, ach dhiúltaigh an Bord don iarratas. Chomh maith leis sin, lean an Bord ar aghaidh ag breithniú iarratais go n-athrófaí na coinníollacha a bhí socruithe ag an mBord ag deireadh 2013. Chuir Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar in iúl don Bhord, áfach, nach raibh sé in ann na socruithe riachtanacha a dhéanamh le cabhrú leis an othar cloí leis na coinníollacha leasaithe. Rinneadh athbhreithniú breithiúnach ar an ábhar sin ina dhiaidh sin.

In 2014 chuaigh an Bord ar aghaidh chun an 19ú hathbhreithniú agus an 20ú hathbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil roinnt othar. Chomh maith leis sin rinne an Bord ordú den chéad uair in 2014, go gcuirfí othar ar ais chuig an gCúirt, óir bhí siad tagtha ar an tuairim, agus gach rud san áireamh, go raibh a leithéid d'eolais agus de thuiscint bhunúsach faighte ag an othar ar imeachtaí dlíthiúla go raibh sé oiriúnach lena chur ar a thriail.

Thar ceann an Bhoird gabhaim buíochas le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar an tOllamh Harry Kennedy agus le foireann na Síciatraithe

Comhairleacha Fóiréinseacha, agus le foireann altranais, seirbhísí sóisialta agus riaracháin an ospidéil as a gcabhair agus a gcomhoibriú i rith na bliana agus as áiseanna a sholáthar ag an ospidéal le haghaidh éisteachtaí athbhreithnithe.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt freisin d'obair na mball atá ar Phainéal Ionadaithe Dlí an Bhoird a dhéanann ionadaíocht ar na hothair a thagann os comhair an Bhoird. Tá sé ráite roinnt uaireanta ag an té a bhí ann romham, go dtugann go leor ionadaithe dlíthiúla i bhfad níos mó cúnaimh dá gcuid cliant ná mar a éilítear ina sainchúram. Is mór ag an mBord é sin.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird An tUasal Greg Heylin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tUasal Catherine Hayes, Rúnaí, agus an tUasal Ann Casey as an gcúnamh a thugadar domsa agus mé ag dul i dtaithí ar m'obair mar Chathaoirleach agus as a gcuid oibre i rith na bliana. Gabhaim buíochas freisin le mo chomhghleacaithe ar an mBord as an chaoi ar chuireadar fáilte romham. Tá mé ag súil go mór le mo thréimhse mar Chathaoirleach ar an mBord Athbhreithnithe agus leis na dúshláin a bheidh le sárú agam gan amhras.

**An Breitheamh Iarfhlaith O'Neill**
**Cathaoirleach**

**Márta 2015**

## 2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Bunaíodh An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) (the Mental Health (Criminal Law) Review Board) ar an 27 Meán Fómhair 2006 de bhun Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Tá neamhspleáchas reachtúil ag an mBord maidir le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna.

Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar a cuireadh chuig ionaid ainmnithe de thoradh cinntí cuairte nach raibh siad oiriúnach lena gcur faoi thriail nó toisc go bhfuarthas neamhchiontach i gcionta iad de bharr gealtachta. Faoi Acht 2006, arna leasú, tá sé de chumhacht ag an mBord coinneáil leantach na n-othar sin in ionad ainmnithe nó a scaoileadh amach go coinníollach nó go neamhchoinníollach a ordú, agus aird á tabhairt ar leas an othair agus ar leas an phobail.

Déanann an Bord athbhreithniú freisin ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig ionad ainmnithe toisc neamhoird mheabhracha a bheith á bhfulaingt acu. Is féidir leis an mBord a ordú go ndéanfar iad a choinneáil go leanúnach i lárionad ainmnithe nó go gcuirfear ar ais go dtí an príosún iad.

Is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad ainmnithe amháin faoi Acht 2006 faoi láthair.

## 3. ATHBHREITHNITHE AN BHOIRD

Bíonn thart ar 80 othar faoi choinneáil ag am ar bith sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Athraíonn an uimhir sin, áfach, mar seachas na hothair atá á gcoinneáil ar feadh tréimhsí fada aistrítear othair ó phríosún, go deonach nó go hainneonach, chun go gcuirfear cúram nó cóireáil orthu nach bhfuil ar fáil dóibh i bpríosún. Is féidir nach ndéanfaidh an Bord athbhreithniú ar choinneáil roinnt de na hothair sin, áfach, mar go bhféadfar iad a aistriú ar ais go príosún sula bhfaigheann siad éisteacht athbhreithnithe, rud a sceidealtar de ghnáth ceithre mhí nó cúig mhí tar éis d'othar a bheith glactha isteach san ospidéal. Reáchtáiltear gach éisteacht athbhreithnithe sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Ceanglaítear ar an mBord a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar choinneáil gach othair gach sé mhí ar a laghad. Dá bhrí sin, bíonn dhá éisteacht athbhreithnithe in aghaidh na bliana de ghnáth ag othair fadtéarmacha. D'fhéadfadh níos mó athbhreithnithe a bheith ag roinnt othar mar, taobh amuigh de na héisteachtaí sceidealta rialta, is féidir léirmheas a dhéanamh:

- ar iarratas an Bhoird,
- ar iarratas an othair,
- ar iarratas an Stiúrthóra Chliniciúil, nó
- is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a ordú don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil príosúnaigh atá á choinneáil go hainneonach san ospidéal.

Le linn 2014, rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 80 othar, agus reáchtáil siad 166 éisteacht athbhreithnithe san iomlán. Is ionann sin agus méadú de bheagán os cionn 4% ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe in 2013 nuair a reáchtáladh 159 acu. Diagnóisíodh go raibh 71% de na hothair a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2014 ag fulaingt ó scitsifréine, go raibh neamhord scitseamhothachtálach ar 16% acu agus go raibh neamhoird eile ar 13% acu. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le figiúirí na bliana 2013 nuair a rinneadh athbhreithniú ar choinneáil 73 othar, nuair a diagnóisíodh go raibh 74% acu ag fulaingt scitsifréine, go raibh neamhord scitseamhothachtálach ar 15% acu agus go raibh neamhoird eile ar 11% acu. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb iad sin an grúpa lárnach céanna othar a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain. (Tá tagairt in Aguisín A agus in Aguisín B dóibh).

Rinne an Bord an 19ú hathbhreithniú agus 20ú hathbhreithniú den chéad uair in 2014 ar choinneáil roinnt othar. Den 166 éisteacht sin a reáchtáladh ba é an 19ú hathbhreithniú 17 acu agus ba é an 20ú hathbhreithniú dhá cheann eile. Bhí 40% de na héisteachtaí san iomlán idir an 16ú céim athbhreithnithe agus an 20ú céim athbhreithnithe. Mar an gcéanna, bhí 33% de na héisteachtaí idir an 1ú céim athbhreithnithe agus an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 26% in 2013. Díobh sin, ba iad an 1ú athbhreithniú 20 ceann nó 12% acu, i gcomparáid le 2013 nuair a reáchtáladh 12 athbhreithniú den saghas sin, nó 8% den iomlán. (Tá tagairt dóibh sin in Aguisín C).

Bhain formhór na n-athbhreithnithe coinneála le hothar a cuireadh isteach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, arna leasú, a bhfuarthas

neamhchiontach iad as coir de bharr gealtachta. Bhain 106 éisteacht in 2014, nó 64% de líon iomlán na n-éisteachtaí, le coinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 5(2). Ba é 106 líon na n-othar sa chatagóir sin chomh maith in 2013 nó 67% den iomlán. Bhain 23% de na héisteachtaí, le hathbhreithnithe ar choinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh go hainneonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram nó cóireáil a fháil nach bhféadfaí a chur ar fáil i bpríosún. Bhain 20% de na héisteachtaí in 2013 leis an ngrúpa sin. (Tá tagairt dóibh in Aguisín D).

## 4. ORDUITHE UM SCAOILEADH AMACH

Le linn na tréimhse tuairiscithe, cheadaigh an Bord go scaoilfí ceathrar othar amach go coinníollach ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, i gcomparáid le cúigear in 2013. Ba é 17 bliana meánfhad coinneála na n-othar a scaoileadh amach go coinníollach. Ba iad 3 bliana meánfhad an dá thréimhse ba ghiorra agus 31.5 bliain meánfhad an dá thréimhse ab fhaide. Mar is féidir a fheiceáil ó líon na mblianta a coinníodh na hothair sin ní foras riachtanach ná leordhóthanach ann féin é an fad ama atá othar á choinneáil san Ospidéal chun urscaoileadh coinníollach a dheonú. (Tá tagairt dó sin in Aguisín F).

Fuair an Bord iarratas amháin ó othar a bhí scaoilte amach go coinníollach go n-athrófaí na coinníollacha a bhí san Ordú um Scaoileadh Amach nó go gcuirfí deireadh ar fad leo. Dhiúltaigh an Bord don iarratas na coinníollacha a athrú.

Lean an Bord ar aghaidh lena mbreithniú ar iarratas go ndéanfaí na coinníollacha a bhí deonaithe ag an mBord i mí na Nollag 2013 a athrú. Chuir Stiúrthóir Cliniciúil an

Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar in iúl don Bhord nach raibh sé in ann ar na socruithe a dhéanamh a bheadh riachtanach chun na coinníollacha athruithe a fhorfheidhmiú. Tionscnaíodh imeachtaí um athbhreithniú breithiúnach faoin scéal ina dhiaidh sin in aghaidh an Stiúrthóra Chliniciúil, agus tugadh fógra don Bhord faoi. Bhí imeachtaí faoin ábhar fós ar siúl ag deireadh na bliana 2014.

Rinneadh an Stiúrthóir Cliniciúil othar a bhí scaoilte amach go coinníollach a aisghairm go foirmiúil chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar in 2014, óir bhí an Stiúrthóir tar éis teacht ar thuairim go raibh sárú ábhartha á dhéanamh ag an othar ar roinnt de na coinníollacha a bhain lena scaoileadh amach go coinníollach. Chuaigh an t-othar go deonach chuig an ospidéal go déanach 2013 le go nglacfaí isteach é.

Fuair an Bord sé iarratas i scríbhinn in 2014 maidir le scaoileadh amach gan choinníoll ó othair a bhí scaoilte amach go coinníollach ar feadh 12 mhí nó níos mó. Den sé iarratas a fuarthas, deonaíodh dhá scaoileadh amach gan choinníoll, dhiúltaíodar do thrí cinn agus chuireadar ceann amháin siar lena athbhreithniú arís in 2015.

## 5. ORDÚ UM FHILLEADH AR AN gCÚIRT

Sa bhliain 2014, den chéad uair riamh rinne an Bord ordú amháin faoi Alt 13(7)(a) den Acht 2006 chun othar a chur ar ais chuig an gCúirt a raibh ordú tugtha aici go dtabharfaí é chuig Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar an bhforas go raibh sé mí-oiriúnach lena chur ar a thriail. Tháinig an Bord ar an tuairim, ar chothrom na dóchúlachta, go raibh a leithéid d'eolais agus de thuiscint bhunúsach faighte ag an

othar ar imeachtaí dlíthiúla i rith an ama a bhí caite aige san ospidéal go raibh sé oiriúnach lena chur ar a thriail.

## 6. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Éiríonn Alt 12(1)(c) d'Acht na bliana 2006, arna leasú, ar an mBord ionadaí dlí a shannadh do gach othar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar a c(h)oinneáil, ach amháin má bheartaíonn an t-othar ionadaíocht dlí a fhostú ar a c(h)ostas féin. Chun na críche sin, chuir an Bord i bhfeidhm an Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006, faoinar bunaíodh Painéal ionadaithe dlí. Is féidir le hothair, más mian leo, diúltú do sheirbhísí aturnae a shanntar dóibh ón bpainéal agus aturnae eile ón bPainéal a iarraidh nó is féidir leo aturnae nach bhfuil ar an bpainéal a fhostú ar a gcostas féin chun ionadaíocht a dhéanamh orthu ag a n-éisteachtaí athbhreithnithe. Ar mhaithe le leanúnachas, agus aird á thabhairt acu ar an chaoi a bhfuil neamhoird meabhracha á bhfulaingt ag na hothair, déanann an Bord iarracht an t-aturnae céanna a shannadh chun ionadaíocht a dhéanamh ar othar in éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Chuir an Bord tús in Aibreán 2014 le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhaill an Phainéil de bhun Alt 3.6 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil de chuid an Bhoird, a deir faoin bPainéal "*go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil air gach trí bliana, nó cibé tráth a mheasann an Bord a bheith riachtanach".* Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar an bPainéal i mí Aibreáin 2011. Chuir an Bord tús lena n-athbhreithniú trína fhiosrú de gach ball ar an bPainéal ar mhian leo fanacht ar an bPainéal. Cé is moite de dhuine amháin, thug siad go léir le fios gur mian leo leanúint ar aghaidh mar bhaill den Phainéal. Bhí laghdú tagtha ar bhallraíocht an

Phainéil ó 26 go 25 ó rinneadh an t-athbhreithniú roimhe sin. Tháinig laghdú ar líon na n-othar a raibh ionadaíocht dlí riachtanach dóibh sa tréimhse sin ó 84 in 2011, go 76 in 2012 agus go 73 in 2013. Ag féachaint don laghdú ar líon na n-othar a éilíonn ionadaíocht dhlíthiúil, chíor an Bord an scéal le féachaint an mbeadh sé riachtanach nó nach mbeadh aturnaetha breise a cheapadh don Phainéal le freastal ar riachtanais sa todhchaí. Bunaithe ar anailís a rinneadh ar líon na n-othar agus ualach oibre na n-aturnaetha, chinn an Bord nach mbeadh aturnaetha breise ag teastáil go ceann i bhfad. Tá an scéal á choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach ag an mBord. Baineadh ainm comhalta amháin den Phainéal, go dtí go bhfillfidh an té sin ó shos gairme.

Bhí 25 aturnae ar an bPainéal ag tús na bliana 2014. Mar a luadh cheana, baineadh ainm aturnae amháin den liosta tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar an bPainéal agus d'éirigh comhalta eile as i mí na Samhna, tar éis dó a chur in iúl don Bhord go raibh sé ainmnithe lena cheapadh mar Bhreitheamh na Cúirte Cuarda. Ciallaíonn sé sin go raibh 23 aturnae ar an bPainéal ag deireadh na bliana 2014. Sannadh 7 gcás ar an meán d'aturnaetha ar an bPainéal in 2014. Sannadh 11 chás an duine d'aturnaetha san ardcheathairíl a bhí ar an bpainéal in 2014, an figiúr céanna is a bhí i gceist in 2013. Sannadh 7 gcás ar an meán in 2014 d'aturnaetha sa dara agus sa tríú ceathairíl, i gcomparáid le 6 chás in 2013. Sannadh 2 chás an duine ar an mheán in 2014 d'aturnaetha sa bhuncheathairíl. Cás amháin a bhí i gceist in 2013. (Tá tagairt don scéal sin in Aguisín E).

## 7. IMEACHTAÍ DLÍ

Ainmníodh an Bord mar pháirtí fógra in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne Stiúrthóra Chliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar ***(MC v. An***

***Stiúrthóir Cliniciúil, An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) (Páirtí Fógra).*** Tá an t-iarratasóir, othar a scaoileadh amach go coinníollach, ag iarraidh athbhreithniú breithiúnach ar dhiúltú an Stiúrthóra Chliniciúil chun socruithe a dhéanamh chun go mbeadh sé níos éasca na coinníollacha a ghabhann leis an Ordú um Scaoileadh Amach go Coinníollach a chomhlíonadh. Bhí na himeachtaí fós ar siúl ag deireadh na bliana 2014.

## 8. CRUINNITHE

Bhuail an Bord le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar tar éis don Chathaoirleach nua a bheith ceaptha. Cé go bhfuil sceideal gnóthach ag an Stiúrthóir Cliniciúil ba dheas aige an t-am a ghlacadh chun cuntas a thabhairt don Chathaoirleach agus chun é féin agus comhaltaí eile an Bhoird a thabhairt ar thuras an ospidéil. Ba mhian leis an gCathaoirleach a fháil amach faoi na hAonaid éagsúla san ospidéal, toisc gur féidir plé a dhéanamh ag éisteachtaí athbhreithnithe ar an chaoi a n-aistrítear othair ó Aonad go hAonad de réir mar a théann a gcóireáil chun cinn. Agus é ar a thuras bhuail an Cathaoirleach le baill foirne a thug forbhreathnú dó ar gach Aonad, ar líon na n-othar san Aonad agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu agus iad san Aonad agus labhair an Cathaoirleach freisin le cuid de na hothair.

## 9. TAIRISCINTÍ LE HAGHAIDH SHEIRBHÍSÍ ATEANGAIREACHTA AG ÉISTEACHTAÍ ATHBHREITHNITHE

Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa um Sholáthar Straitéiseach de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le soláthar seirbhísí ateangaireachta

ag éisteachtaí athbhreithnithe, d'eisigh an Bord cúig thairiscint fhorlíontacha i rith na bliana le haghaidh seirbhísí ateangaireachta aon uaire, do chuideachtaí réamhcháilithe faoi Chreat-Comhaontú um Sheirbhísí Ateangaireachta atá i bhfeidhm sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## 10. CAITEACHAS


Ba é €355,043 caiteachas iomlán an Bhoird in 2014. Den mhéid sin, caitheadh €97,965 ar phá, €103,011 ar sholáthar cúnamh dlí saor in aisce agus €154,067 ar chostais eile.

**Tabhair faoi deara go bhfuil:**
**An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006**
**An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010**
**Nósanna imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), agus**
**Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006**
**ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie)**

## Aguisín A

## Uimhir Éisteachtaí in aghaidh na míosa in 2014/2013

| Mí | Uimh. Éisteachtaí In 2014 | % den Iomlán In 2014 | Uimh. Éisteachtaí In 2013 | % den Iomlán In 2013 |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 18 | 11% | 16 | 10% |
| **Feabhra** | 12 | 7% | 11 | 7% |
| **Márta** | 11 | 6% | 15 | 9% |
| **Aibreán** | 21 | 13% | 14 | 9% |
| **Bealtaine** | 4 | 2% | 11 | 7% |
| **Meitheamh** | 18 | 11% | 25 | 16% |
| **Iúil** | 12 | 7% | 6 | 4% |
| **Lúnasa** | 15 | 9% | 14 | 9% |
| **Meán Fómhair** | 20 | 12% | 12 | 7% |
| **Deireadh Fómhair** | 3 | 2% | 9 | 6% |
| **Samhain** | 16 | 10% | 21 | 13% |
| **Nollaig** | 16 | 10% | 5 | 3% |
| **Iomlán** | **166** | **100%** | **159** | **100%** |




## Líon na nOthar a nDearnadh Athbhreithniú orthu de réir Diagnóise in 2014/2013

| Diagnóis | Uimh. othar a athbhreithníodh In 2014 | % den Iomlán In 2014 | Uimh. othar a athbhreithníodh In 2013 | % den Iomlán In 2013 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 57 | 71% | 54 | 74% |
| **Neamhord Scitseamhothálach** | 13 | 16% | 11 | 15% |
| **Neamhoird Eile** | 10 | 13% | 8 | 11% |
| **Iomlán** | **80** | **100%** | **73** | **100%** |


**I measc na Neamhoird Eile bhí:**

Neamhord Mothachtálach Dépholach
Míchumas Intleachtúil
Neamhord Síocóiseach
Neamhord Dúlagair Athfhillteach
Dúlagar Síocóiseach
Dúlagar le Siomptóim Shíocóiseacha
Neamhord Orgánach Inchinne atá Tánaisteach le Mí-Úsáid Substaintí
Neamhord de chuid Speictream an Uathachais
Dúlagar Trom mar aon le Gnéithe Síocóiseacha
Frithghníomhú Neamhghnách Cumha/Frithghníomhú Dúlagair Fhadtréimhseach
Eipeasóid Ghéar Shíocóiseach



## Líon na nÉisteachtaí de réir Cineál Athbhreithnithe in 2014/2013


| Cineál Athbhreithniú | Uimh. Athbhreithnithe In 2014 | % den Iomlán In 2014 | Uimh. Athbhreithnithe 2013 | % den Iomlán In 2013 |
|---|---|---|---|---|
| **An 1ú Athbhreithniú** | 20 | 12% | 12 | 8% |
| **An 2ú - 5ú hAthbhreithniú** | 35 | 21% | 29 | 18% |
| **An 6ú - 10ú hAthbhreithniú** | 23 | 14% | 21 | 13% |
| **An 11ú - 15ú hAthbhreithniú** | 22 | 13% | 55 | 35% |
| **An 16ú - 20ú hAthbhreithniú** | 66 | 40% | 42 | 26% |
| **Iomlán** | **166** | **100%** | **159** | **100%** |



## Líon na nÉisteachtaí in 2014/2013 de réir an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú

| Alt d'Acht na bliana 2006 | Uimh. Éisteachtaí In 2014 | % den Iomlán In 2014 | Uimh. Éisteachtaí In 2013 | % den Iomlán In 2013 |
|---|---|---|---|---|
| **Alt 4(3)** | 4 | 2% | 1 | 1% |
| **Alt 4(5)** | 11 | 7% | 15 | 9% |
| **Alt 5(2)** | 106 | 64% | 106 | 67% |
| **Alt 15(1)** | 5 | 3% | 3 | 2% |
| **Alt 15(2)** | 38 | 23% | 32 | 20% |
| **Alt 15(5)** | 2 | 1% | 2 | 1% |
| **Iomlán** | **166** | **100%** | **159** | **100%** |

| | |
|---|---|
| **Alt 4(3)** | Neamhinniúil chun pléadála, Cúirt Dúiche |
| **Alt 4(5)** | Neamhinniúil chun pléadála, Cúirt Eile |
| **Alt 5(2)** | Neamhchiontach de bharr gealtachta |
| **Alt 5(3)** | Scrúdú & Tuarascáil i ndáil le neamhchiontacht de bharr gealtachta |
| **Alt 15(1)** | Aistriú deonacha ó Phríosún |
| **Alt 15(2)** | Aistriú ainneonach ó Phríosún |
| **Alt 15(5)** | Leanúint ar aghaidh le haistriú deonach ó Phríosún (tar éis diúltú cúraim nó do chóireála) |



Aguisín E

## Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlí ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2014/2013

| Bliain | Líon Ionadaithe Dlí ar an bPainéal | Meánuimh. chásanna a sannadh | Meánuimh. chásanna a sannadh Ardcheathairíl | Meánuimh. chásanna a sannadh 2ú & 3ú Ceathairíl | Meánuimh. chásanna a sannadh Buncheathairíl |
|---|---|---|---|---|---|
| **2014** | 25 ** | 7 | 11 | 7 | 2 |
| **2013** | 26* | 6 | 11 | 6 | 1 |

** ar feadh cuid den bhliain (Baineadh comhalta amháin den liosta i mí Iúil agus d'éirigh comhalta eile as a phost i mí na Samhna)

* Ar feadh cuid den bhliain (d'éirigh comhalta amháin as a phost i mí na Samhna)

### Aguisín F

## Líon na nOthar a Scaoileadh amach go Coinníollach in 2014/2013

| An Mhí inar Tugadh an tOrdú um Scaoileadh amach Coinníollach | Líon na nOthar 2014 | Líon na nOthar 2013 |
|---|---|---|
| **Eanáir** | 1 | |
| **Márta** | 1 | 1 |
| **Meitheamh** | | 1 |
| **Iúil** | 1 | 3 |
| **Nollaig** | 1 | |
| **Iomlán** | **4** | **5** |